Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2016**
**(OR. en)**

**9997/16**

**JAI 549**
**DROIPEN 107**
**COPEN 193**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Meitheamh 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8960/16 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle lena mbunaítear Líonra Eorpach Neamhfhoirmiúil maidir le Cearta Íospartach<br>- Conclúidí ón gComhairle (9 Meitheamh 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle faoi Líonra Eorpach Neamhfhoirmiúil maidir le Cearta Íospartach a bhunú, a ghlac an Chomhairle ag an 3473ú cruinniú dá cuid a tionóladh ar an 9 Meitheamh 2016.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle lena mbunaítear Líonra Eorpach maidir le Cearta Íospartach**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH MAR A LEANAS,

AG AITNINT DI gur féidir le híospartaigh na coireachta laistigh den Aontas Eorpach brath ar an leibhéal céanna de chearta beag beann ar a náisiúntacht agus is cuma cén áit san Aontas Eorpach ina dtarlaíonn an choir agus gur féidir leo an tacaíocht agus an chosaint atá de dhíth orthu a fháil go fírinneach.

AG DEARBHÚ DI an tábhacht a bhaineann le Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, le tacaíocht agus le cosaint íospartach coireachta ('"an Treoir maidir le Cearta Íospartach")[1].

AG CUR IN IÚL GO LÁIDIR DI go neartaítear cás na n-íospartach le hionstraimí eile an Aontais Eorpaigh freisin, go háirithe

- Treoir 2004/80/CE ón gComhairle a bhaineann le cúiteamh d'íospartaigh na coireachta[2] ("an Treoir maidir le Cúiteamh");
- Treoir 2011/99/AE maidir leis an Ordú Cosanta Eorpach[3]; agus
- Rialachán 606/2013 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta[4].

AG MEABHRÚ DI an tuarascáil "Íospartaigh na Coireachta san Aontas Eorpach: méid agus cineál na tacaíochta a thugtar d'íospartaigh" an 9 Eanáir 2015 ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha.

---

1 IO L 315, 14.11.2012, lch. 57.
2 IO L 261, 06.08.2004, lch. 15.
3 IO L 338, 21.12.2011, lch. 2
4 IO L 181, 29.06.2013, lch. 4.

AG MEABHRÚ DI an oibleagáid atá ar na Ballstáit tabhairt faoi ghníomhaíocht iomchuí chun comhar agus malartú faisnéise a éascú eatarthu ionas gur fearr a bheidh an rochtain d'íospartaigh ar na cearta a leagtar amach sa Treoir maidir le Cearta na nÍospartach, sa Treoir maidir le Cúiteamh agus i reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais Eorpaigh i réimse chearta na n-íospartach.

AG MEABHRÚ DI an gá le tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta agus an Ráiteas Comhpháirteach ó Airí Dlí agus Cirt agus ó Airí Gnóthaí Baile an Aontais agus ó ionadaithe Institiúidí an Aontais i ndiaidh na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta sa Bhruiséil ar an 22 Márta 2016, a glacadh ar an 24 Márta 2016, inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé faisnéis a roinnt;

AG AITHINT DI go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh muinín ag na saoránaigh as a rialtais agus as an Aontas Eorpach féin go ndéanfar an méid a chomhaontaigh comhlachtaí reachtacha an Aontais a chur chun feidhme go hiarbhír.

**Bunaíonn sí, mar sin, Líonra Eorpach maidir le Cearta Íospartach ar an mbonn seo a leanas:**

**A. Aidhmeanna, Cuspóirí agus Cúraimí**

1. Bunaítear an Líonra Eorpach maidir le Cearta Íospartach ("Líonra") chun cabhrú le cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais atá ann cheana maidir le cearta íospartach agus é a spreagadh agus, más iomchuí, aon earnálacha a lua ina bhféadfaí acquis an Aontais a fheabhsú sa réimse sin. Ba chóir dó feabhsú an chomhair idir na húdaráis inniúla atá freagrach as cearta íospartach sna Ballstáit a éascú agus cuidiú leis sin d'fhonn gur fearr an rochtain a bheidh ag íospartaigh ar a gcearta.

2. I ndáil leis sin, ba cheart don Líonra an méid seo a leanas go háirithe a éascú agus a fheabhsú:

- plé faoi dhúshláin a bhaineann le cur chun feidhme reachtaíocht ábhartha an Aontais i réimse chearta na n-íospartach[5];
- malartú dea-chleachtas agus taithí ábhartha eile amhail i ndáil le cearta íospartach i leith measúnú aonair ar a riachtanais chosanta shonracha agus i leith rochtain ar fhaisnéis;
- comhar idir údaráis inniúla na mBallstát atá freagrach as cearta íospartach, e.g. i gcásanna trasteorann agus maidir le híospartaigh a chúiteamh;
- Comhar, malartú faisnéise agus idirphlé i measc gníomhaithe éagsúla a bhíonn i dteagmháil le híospartaigh, lena n-áirítear, más iomchuí, na húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí, na húdaráis bhreithiúnacha agus an tsochaí shibhialta.

**B. Comhdhéanamh**

3. Ba cheart don Líonra feidhmiú mar fhóram d'oifigigh bheartais atá ag obair ag na húdaráis inniúla atá freagrach as cearta íospartach na mBallstát, ar nós aireachtaí. Ba cheart do gach Ballstát, i gcomhréir leis an nós imeachta náisiúnta, ionadaí nó ionadaithe a ainmniú a bheidh rannpháirteach in obair an Líonra.

4. Ba cheart don Choimisiún a bheith rannpháirteach i gcruinnithe uile an Líonra agus cuireadh a fháil chuig na cruinnithe sin. Féadfaidh na Ballstáit seisiúin dúnta an Líonra a thionól freisin, de réir mar is iomchuí.

5. Féadfar cuireadh a thabhairt d'institiúidí, do ghníomhaireachtaí agus do chomhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh, mar aon le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, más iomchuí.

[5] An Treoir maidir le Cearta Íospartach, an Treoir maidir le Cúiteamh, an Treoir maidir leis an Ordú Cosanta Eorpach agus an Rialachán maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta.

## C. Eagrú agus maoiniú

6. Ba cheart don Líonra teacht le chéile dhá uair sa bhliain. Ba cheart don Líonra a áirithiú, idir na cruinnithe, go mbeidh rochtain ar fhaisnéis agus go scaipfear í agus ba cheart dó a áirithiú go mbeidh teagmháil le rannpháirtithe eile sa Líonra, trí shuíomh gréasáin más féidir, e.g. an tairseach r-Cheartais, nó bealaí eile cumarsáide leictreonaí.

7. Ba cheart don Líonra a chuid oibre a bhunú ar chlár oibre bliantúil arna chomhaontú ag na saineolaithe náisiúnta laistigh den Líonra, sa chéad ráithe de gach bliain, i gcomhairle leis an gCoimisiún agus, más iomchuí, tar éis tuairim na bpáirtithe leasmhara eile a chur san áireamh.

8. Maoineofar an seimineár ullmhúcháin agus na chéad trí chruinniú den Líonra le deontas gníomhaíochta chun tacú le híospartaigh an fhoréigin agus na coireachta faoi Chlár um Cheartas 2014-2020.

9. Is é ceann amháin de na Ballstáit atá páirteach sa deontas gníomhaíochta[6] a bheidh mar chathaoirleach ar na cruinnithe seo den Líonra agus a bheidh ina óstach dóibh agus is é a áiritheoidh rúnaíocht an Líonra freisin le linn an tseimineáir ullmhúcháin agus na chéad trí chruinniú a bheidh aige.

## D. Athbhreithniú agus meastóireacht

10. Roimh dheireadh dheontas gníomhaíochta an Líonra (Bealtaine 2017), ba cheart do na Ballstáit, i gcomhairle leis an gCoimisiún, meastóireacht a dhéanamh ar a chuid oibre agus ar a eagrú d’fhonn cinneadh a dhéanamh faoin ngá lena leanúint agus/nó faoina dhéanamh buan.

11. Ba chóir go n-áireofaí leis an meastóireacht go mbreathnófaí an bhféadfaí tuilleadh maoinithe a thabhairt do ghníomhaíochtaí an Líonra. Beidh an mheastóireacht sin gan dochar do mheastóireacht an Choimisiúin ar an Líonra faoin Deontas Gníomhaíochta chun tacú le híospartaigh an fhoréigin agus na coireachta.

---

[6] FR, IE, NL agus SK.